Gaelscoil Ros Eo

Bealtaine 2024

BEARTAS SCOILE MAIDIR LE FÓIN PHÓCA & GLÉASANNA LEICTREONACHA PEARSANTA

RÉAMHRÁ
Dréachtaíodh an pholasaí seo ar bhonn chomhoibríoch agus scaipeadh é i measc phobal na scoile.

RÉASÚNAÍOCHT
Tá fón póca ag formhór daltaí scoile anois, fiú amháin in earnáil na bunscoile. Cruthaíonn an leas a bhaintear as fón póca agus gléasanna leictreonacha pearsanta roinnt deacrachtaí ó thaobh cur isteach agus tarraingt aird i dtimpeallacht na scoile. Is féidir leas a bhaint astu chun deacrachtaí smachta a chruthú agus mar bhealach chun bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine eile. Is féidir leis an inniúlacht atá ag gléasanna chun grianghraf a ghlacadh, físeán nó píosa fuaime a thaifead, nó a sheoladh, cur le deacrachtaí ó thaobh Caomhnú Páistí agus ó thaobh Cosaint Sonraí de. D'fhéadfaí an leas a bhaineann foireann na scoile agus cuairteoirí as an teicneolaíocht seo, dlíthe um Chosaint Shonraí a shárú.

NASC LE hÉITEAS NA SCOILE
Bíonn Gaelscoil Ros Eo ag cur timpeallacht páiste-lárnach chun cinn, timpeallacht ina bhfuil na páistí sábháilte. Freastlaítear ar riachtanais na bpáistí, an méid is gur féidir, agus cothaítear meas i gcultúr a chuireann an-luach ar éagsúlachtaí agus difríochtaí. D'fhéadfadh úsáid fón póca agus gléasanna leictreonach pearsanta teacht salach ar an timpeallacht slán sábháilte scoile, agus níl siad fabhrach don fhoghlaim.

AIDHMEANNA & CUSPÓIRÍ

- Cosc a chur ar úsáid fón póca agus gléasanna leictreonach pearsanta i measc daltaí, ar suíomh na scoile nó nuair atá siad ag glacadh páirt in imeachtaí scoile ar nós turais, nó imeachtaí seach-churaclaim. Déantar é seo chun timpeallacht slán a chruthú, agus chun laghdú a dhéanamh ar cur isteach ar fhoghlaim na bpáistí
- Chun timpeallacht slán, sábháilte, páiste-lárnach a dheimhniú, atá ar fáil do na páistí ar fad
- Chun cloígh le Reachtaíocht um Chosaint Sonraí (GDPR)

NÓS IMEACHTAÍ SCOILE

- Ní cheadaítear úsáid fón póca/gléasanna leictreonacha (m.sh uaireadóir cliste) i measc páistí a fhreastalaíonn ar an scoil, nuair atá siad faoi chúram fhoireann na scoile, ar scoil, ar turais scoile, nó nuair a bhíonn siad páirteach in imeachtaí seach-churaclaim. Níor chóir do na páistí, mar sin, fón póca nó gléas pearsanta eile a thabhairt leo ar scoil, nó nuair atá siad ag glacadh páirte in aon imeachtaí scoile
- Ba chóir aon fhón póca a fhaightear a thabhairt go dtí oifig na scoile
- Is féidir le haon pháiste gur gá dóibh dul i dteagmháil le baile i rith am scoile, é sin a dhéanamh trí rúnaí na scoile, ag úsáid teileafóin na scoile
- Cuirtear i gcuimhne do thuismitheoirí/chaomhnóirí i gcásanna éigeandála, go bhfanann oifig na scoile i gcónaí mar an chéad phointe teagmhála. Cinntíonn sé seo, go dtagtar ar an bpáiste go tapaidh chun teachtaireacht a chur chucu
- Sa chás go mbraitheann tuismitheoir go bhfuil sé **riachtanach** go mbeadh fón póca/gléas leictreonach pearsanta ag páiste ar scoil, cuirfear na nithe seo leanas i bhfeidhm:
    - Is gá go mbeadh an fón/gléas pearsanta múchta roimh teacht isteach tríd geataí na scoile agus tugtha don mhúinteoir ranga ag tús an lae scoile. Coinneoidh an múinteoir ranga gach fón agus gléas faoi ghlas, go dtí deireadh an lae scoile
    - Tabharfaidh an múinteoir ranga an fón/gléas pearsanta ar ais don pháiste, ag deireadh an lae scoile. Níl cead an fón/gléas leictreonach a chuir ar siúl go dtí go bhfágann an dalta suíomh na scoile
    - Ní ghlacann Gaelscoil Ros Eo aon fhreagracht as cailliúint/damáiste d'fhón póca nó do ghléasanna leictreonacha, má thógann páistí ar scoil iad. Níl an scoil faoi dhliteanas as athsholáthair aon fhón póca nó gléasanna eile a chaillteár, a ghoidtear, nó a dhéantar damáiste dóibh
    - o

SMACHTBHANNAÍ

- Más rud é go dtagtar ar pháiste le fón póca/gléas leictreonach ar scoil nár múchadh roimh teacht ar suíomh na scoile nó nár tugadh don mhúinteoir ranga ar maidin, d'aon ghnó, tógfar an fón uathu. Ní thabharfar an fón ar ais go dtí go mbailíonn tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir é

- Corpraíonn an scoil an polasaí seo isteach san gCód Smachta agus an Polasaí Úsáid Inghlactha, agus déanfar deileáil le haon shárú sa chaoi chéanna is a ndéantar deileáil le sárú sna polasaithe seo eile
- Más rud é go n-úsáideann páiste a f(h)ón póca nó gléas pearsanta chun grianghraf nó físeán a ghlacadh de dhalta eile nó baill foirne, nó a roinneann teachtaireachtaí nach bhfuil oiriúnach, aithneofar é mar dhrochiompar tromchúiseach nó mar dhrochiompar tútach, agus gearrfar smachtbhanna a ritheann le Cód Smachta na scoile orthu.

Is cóir trácht a dhéanamh freisin, gur cion coiriúil é fón póca/gléas pearsanta a úsáid chun bagairt nó ciapadh a chur ar dhuine eile. Sa mhéid sin, más rud é nach bhfuil gnímh scoile, i dtaca leis seo, neamhéifeachtach, ar nós le heachtraí eile mar sin, is féidir leis an scoil dul i dteanmháil leis na Gardaí.

TURAIS SCOILE

Níl cead ag na páistí fón póca nó gléas leictreonach a thabhairt leo ar thurais scoile (nó aon sórt turas taobh amuigh den scoil). Beidh uimhreacha teagmhála ag an múinteoir más rud é go bhfuil sé de dhíth dul i dteagmháil le tuismitheoir/caomhnóir. Baileofar fón póca/gléas pearsanta leictreonach sa chaoi céanna is a ndéantar gach lá, agus tabharfar ar ais iad ag deireadh an lae scoile. Beidh deis ag gach dálta úsáid a bhaint as fón na scoile chun glaoch a chuir abhaiole ar thuras thar oíche

POLASAÍ FÓN I LEITH FHOIREANN NA SCOILE

Ag tabhairt san áireamh na dualgais agus na cúraimí a leagtar ar fhoireann na scoile agus iad i mbun oibre le páistí, tá sé rí-thábhachtach go mbeadh baill foirne gafa go hiomlán leis an teagasc amháin i rith uaireanta oibre. Sa chomhthéacs seo, is gá go mbeadh rochtain ar fhón i gcásanna gnó scoile amháin

Glaonna Oibre

- Moltar glaonna/comhrá ar líne chuig tuistí/caomhnóirí a choinneáil chomh gearr is gur féidir. Nuair is gá comhrá níos faide le tuismitheoir/caomhnóir, ba chóir coinne a shocrú chun bualadh leo. Ba chóir leas a bhaint as fón na scoile/Aip Linkus le haghaidh gach glaoch a chuirtear ar thuismitheoirí
- Ba chóir glaonna ar dhaoine proifisiúnta agus eagraíochtaí a dhéanamh i gcomhar leis an bPríomhoide, agus eagrófar feitheoireacht ranga nuair is gá

Glaochanna Pearsanta

- Go ginearálta, ba chóir glaonna pearsanta a dhéanamh i rith amanna lóin nó roimh/tar éis am scoile
- I gcásanna práinneacha, ba chóir do bhaill foirne discréid a léiriú nuair atá siad ag déanamh glaoch
- Is gá glaonna pearsanta isteach a choinneáil do chúrsaí práinneacha amháin

Fón Póca

- I rith am teagaisc, ní chóir go mbeadh fón póca in úsáid ach amháin i gcásanna práinne nó muna bhfuil an córas cumarsaide Slack ag obair
- Ní bheidh fónanna póca in úsáid ar dhualgais sa chlós agus i rith cruinnithe ach amháín i gcásanna práinne
- I gcásannna práinne, ba chóir do bhaill foirne discréid a úsáid nuair atá siad ag déanamh glaoch.
- Leanann seoladh teachtaireachtaí/leas eile a bhaintear as fón na rialacha céanna is ag cur glaoch

RIALÚCHÁN COSAINT SONRAÍ PEARSANTA (GDPR)

Cuirtear i gcuimhne do thuismitheoirí agus do chuairteoirí chun na scoile gur sárú ar Rialúchán Cosaint Sonraí Pearsanta is iad ag glacadh íomhánna/físeáin de na páistí ar

áitreabh na scoile nó/agus iad ag glacadh páirte in imeachtaí/taispeántais scoile. Tá cosc ar sheoladh íomhánna/taifead ar na meáin shóisialta chomh maith.

CUR I bhFEIDHM & ATHBHREITHNIÚ

Tá foireann na scoile ar fad páirteach i cur i bhfeidhm agus i gcomheagar an pholasaí seo, agus déanfar athbhreithniú air go leanúnach, de réir mar a thagann teicneolaíocht nua chun cinn.

FAOMHADH & CUMARSÁID

Cuireadh an polasaí faoi bhráid Bord Bainistíochta na scoile i mí na Bealtaine 2024 agus faomhadh é. Cuireadh ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh gréasáin na scoile é.

SÍNIÚ / SIGNED:

Cathaoirleach	*Príomhoide*

Dáta: